RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2021/139 ÓN gCOIMISIÚN

an 4 Nollaig 2020

lena leasaítear Iarscríbhinní I agus V a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/125 maidir le trádáil in earraí áirithe a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh phionós an bháis, le haghaidh céastóireachta nó le haghaidh íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach, chun tarraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas a chur san áireamh

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán(AE) 2019/125 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Eanáir 2019 maidir le trádáil in earraí áirithe a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh phionós an bháis, le haghaidh céastóireachta nó le haghaidh íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach, ([1]) agus go háirithe an chéad mhír d'Airteagal 24 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leagtar amach leis an gComhaontú um Tharraingt Siar ([2]) na socruithe maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann ("an Ríocht Aontaithe") a bheith ag tarraingt siar as an Aontas agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach ("Euratom").

(2) Tiocfaidh deireadh leis an idirthréimhse a leagtar amach i gCuid a Ceathair den Chomhaontú um Tharraingt Siar an 31 Nollaig 2020 nuair a scoirfidh dlí an Aontais d'fheidhm a bheith aige maidir leis an Ríocht Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe.

(3) De bhun Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann a ghabhann leis an gComhaontú um Tharraingt Siar, arna léamh in gcomhar le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, beidh feidhm ag forálacha Rialachán (AE) 2019/125 maidir leis an Ríocht Aontaithe i leith Thuaisceart Éireann agus sa Ríocht Aontaithe i leith Thuaisceart Éireann amhail ó dheireadh na hidirthréimhse.

(4) I gcás ina mbunaítear le Rialachán (AE) 2019/125 ceanglas maidir le húdarú le haghaidh trádáil ón Aontas chuig tríú tíortha, ba é "údarás inniúil" na Ríochta Aontaithe a bheadh freagrach, ón 1 Eanáir 2021, as cinneadh a dhéanamh maidir le haon iarratas ar údarú den sórt sin, de bhun an Rialacháin sin, a dhéanann onnmhaireoirí atá bunaithe nó a bhfuil cónaí orthu i dTuaisceart Éireann.

(5) Faoi réir chur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2019/125 maidir leis an Ríocht Aontaithe i leith Thuaisceart Éireann agus sa Ríocht Aontaithe i leith Thuaisceart Éireann, i gcomhréir le hAirteagal 5(4), den Phrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann a ghabhann leis an gComhaontú um Tharraingt Siar, arna léamh i gcomhar le pointe 47 d'Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, is iomchuí dá bhrí sin Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/125 a leasú.

(6) De bhun Airteagail 16 agus 19 de Rialachán (AE) 2019/125, tá údarú de dhíth chun táirgí a liostaítear in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán a onnmhairiú, ar táirgí iad a d'fhéadfaí a úsáid chun daoine a chur chun báis trí bhíthin instealladh marfach.

(7) Déantar foráil le hAirteagal 20(1) de Rialachán (AE) 2019/125 maidir le "húdarú ginearálta onnmhairiúcháin ón Aontas".

(8) I gcomhréir le hIarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/125, tá feidhm ag an údarú ginearálta onnmhairiúcháin ón Aontas maidir le honnmhairí earraí a liostaítear in aon iontráil in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/125 agus tá sé bailí ar fud an Aontais i gcás onnmhairí chuig na cinn scríbe a liostaítear i gCuid 2 d'Iarscríbhinn V. Is tríú tíortha iad na cinn scríbe sin a bhfuil pionós an bháis dhíothaithe acu i gcás gach coire agus a bhfuil an díothú sin deimhnithe trí ghealltanas idirnáisiúnta ([3]).

(9) Maidir leis an ualach rialála a chuirtear ar chuideachtaí de chuid an Aontais a onnmhairíonn earraí a liostaítear in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán, cuidíonn an t-údarú ginearálta onnmhairiúcháin ón Aontas é sin a laghdú agus táirgí íocshláinte den sórt sin á n-onnmhairiú acu chun críoch dlisteanach teiripe.

([1]) IO L 30, 31.1.2019, lch. 1.

([2]) An Comhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach (IO L 29, 31.1.2020, lch. 7).

([3]) Cuid 3 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/125.

(10) Dhaingnigh an Ríocht Aontaithe Prótacal Uimh. 13 a ghabhann leis an gCoinbhinsiún chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint, maidir le pionóis an bháis a chur ar ceal i ngach imthoisc agus, dá bhrí sin, comhlíonann sí na ceanglais chun í a chur ar liosta na gceann scríbe a leagtar síos i gCuid 2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/125.

(11) Gan dochar do chur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2019/125 maidir leis an Ríocht Aontaithe i leith Thuaisceart Éireann agus sa Ríocht Aontaithe i leith Thuaisceart Éireann, i gcomhréir le hAirteagal 5(4), arna léamh i gcomhar le pointe 47 d'Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann atá i gceangal leis an gComhaontú um Tharraingt Siar, is iomchuí dá bhrí sin Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/125 a leasú.

(12) Is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le hinfheidhmeacht an Rialacháin seo tar éis dheireadh na hidirthréimhse, le héifeacht ón 1 Eanáir 2021. Má thagann deireadh leis an tréimhse agóide tar éis an 1 Eanáir 2021 is iomchuí, ar chúiseanna deimhneachta dlíthiúla agus chun aon suaitheadh díobhálach a sheachaint a d'fhéadfaí a dhéanamh ar oibríochtaí cuideachtaí de chuid an Aontais ar mian leo earraí a liostaítear in Iarscríbhinn IV a onnmhairiú chuig an Ríocht Aontaithe, foráil a dhéanamh maidir le hinfheidhmeacht chúlghabhálach an Rialacháin ón 1 Eanáir 2021.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinní I agus V a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/125 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an cúigiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag an Rialachán seo ón 1 Eanáir 2021.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 4 Nollaig 2020.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinní I agus V a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/125 mar a leanas:

(1) In Iarscríbhinn I, leasaítear liosta na n-údarás inniúil mar a leanas:

(a) faoi Cheannteideal "A. Údaráis na mBallstát", scriostar an iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe.

(b) i ndiaidh an Cheannteidil "B. Seoladh le haghaidh fógraí chuig an gCoimisiún Eorpach" cuirtear isteach an ceannteideal seo a leanas:

"C. **Údarás na Ríochta Aontaithe i leith Thuaisceart Éireann**

AN RÍOCHT AONTAITHE, faoi réir chur i bhfeidhm an Rialacháin seo maidir leis an Ríocht Aontaithe i leith Thuaisceart Éireann agus sa Ríocht Aontaithe i leith Thuaisceart Éireann, i gcomhréir le hAirteagal 5(4), arna léamh i gcomhar le pointe 47 d'Iarscríbhinn 2, den Phrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann a ghabhann leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, amhail ón 1 Eanáir 2021

Allmhairiú earraí a liostaítear in Iarscríbhinn II:

Department for International Trade (DIT)

Import Licensing Branch (ILB)

Seoladh ríomhphoist: enquiries.ilb@trade.gov.uk

Onnmhairiú earraí agus soláthar cúnaimh a bhaineann le táirgí a liostaítear in Iarscríbhinní II, III agus IV:

Department for International Trade
Export Control Joint Unit
3 Whitehall Place
London
SW1A 2AW
UNITED KINGDOM

Teil. +44 2072154594

Seoladh ríomhphoist: eco.help@trade.gov.uk"

(2) In Iarscríbhinn V, sa liosta i gCuid 2 "Cinn Scríbe", cuirtear an iontráil seo a leanas isteach san ord aibítre le haghaidh liostú na dtíortha de réir an leagain teanga faoi seach:

An Ríocht Aontaithe, gan dochar do chur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2019/125 maidir leis an Ríocht Aontaithe i leith Thuaisceart Éireann agus sa Ríocht Aontaithe i leith Thuaisceart Éireann, i gcomhréir le hAirteagal 5(4), arna léamh i gcomhar le pointe 47 d'Iarscríbhinn 2, den Phrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann atá i gceangal leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, amhail ón 1 Eanáir 2021"